



# FREAGRAÍ AN CHOIMISIÚIN EORPAIGH

AR AN TUARASCÁIL SPEISIALTA Ó  
CHÚIRT INIÚCHÓIRÍ NA hEORPA

Cearta maoinne intleachtúla AE: cosaint neamh-  
uileghabhálach

# Clár na nÁbhar

ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN (Míreanna I-X) .....	2
RÉAMHRÁ (Míreanna 1-12) .....	4
RAON FEIDHME AGUS CUR CHUIGE AN INIÚCHTA (Míreanna 13-16) .....	4
BARÚLACHA (Míreanna 17-93) .....	4
CONCLÚIDÍ AGUS MOLTAÍ (míreanna 94-101).....	13
Moladh 1 – Creataí rialála CMI an Aontais a chomhlánú agus a nuashonrú .....	13
Moladh 2 – Measúnú ar na socruithe rialachais agus ar an modheolaíocht chun táillí a chinneadh.....	14
Moladh 3 – Córais mhaoinithe, rialaithe agus meastóireachta a fheabhsú.....	14
Moladh 4 4 – Córais táisc gheografaigh an Aontais a fheabhsú .....	14
Moladh 5 – An creat forfheidhmithe CMI a fheabhsú.....	15

Is éard atá sa doiciméad seo freagraí an Choimisiúin Eorpaigh ar bharúlacha a tugadh i dTuarascáil Speisialta ó Chúirt Iniúcháirí na hEorpa (CIE), i gcomhréir le hAirteagal 259 den [Rialachán Airgeadais](#), agus tá sé le foilsiú in éineacht leis an Tuarascáil Speisialta.

# ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN (Míreanna I-X)

## Freagraí ón gCoimisiún:

**II.** Le creat dlíthiúil an Aontais maidir le maoin intleachtúil agus cur chun feidhme éifeachtach an chreata sin, tugtar dreasacht do chuideachtaí AE infheistíocht a dhéanamh in earraí agus seirbhísí lena mbaineann ardchaighdeán, nuálaíocht, dearadh agus cruthaitheacht, rud a chinntíonn gur féidir le cuideachtaí méadú ó scála ar leibhéal domhanda. Sa Straitéis Thionsclaíoch, a thíolaic an Coimisiún i mí an Mhárta 2020, leagtar amach príomhthiomántóirí chlaohlú tionsclaíoch na hEorpa agus gníomhaíochtaí amach anseo chun beartas tionsclaíoch Eorpach a bhaint amach a bheidh bunaithe ar iomaíocht, ar mhargáí oscailte, ar thaighde agus ar theicneolaíochtaí ar thús cadhnaíochta go domhanda agus ar mhargadh aonair láidir.

Ina theannta sin, chun ceannaireacht a ghlacadh i bpríomhréimsí tionsclaíocha, an téarnamh eacnamaíoch agus an teacht aniar in aimsir COVID-19 a fheabhsú agus a thacú agus an t-aistriú chuig geilleagar níos glaise agus níos digití a dhéanamh ag an am céanna, ghlac an Coimisiún i mí na Samhna 2020 plean gníomhaíochta cuimsitheach um maoin intleachtúil (an Plean Gníomhaíochta um Maoin Intleachtúil). Is é is aidhm don Phlean Gníomhaíochta beartas an Aontais maidir le Maoin Intleachtúil a neartú lena gcuirfear ar chumas cuideachtaí brabús a bhaint as a n-aireagáin agus as bhfuil cruthaithe acu agus a áirithiú ag an am céanna go rachaidh an méid sin chun tairbhe don gheilleagar i gcoitinne, agus go rachaidh siad chun tairbhe na sochaí.

**V.** An creat maoin intleachtúla AE atá ann cheana, cé go bhfuil sé seasmhach agus láidir, tá aitheanta ag an gCoimisiún ina Phlean Gníomhaíochta go rachadh nuachóiriú chun tairbhe dó agus go bhféadfaí bailchríoch a chur air, e.g. le reachtaíocht nua AE maidir le tásca geografacha AE le haghaidh táirgí ceardaíochta agus tionsclaíocha.

**VI.** Tá athbhreithniú á dhéanamh ag an gCoimisiún faoi láthair ar an reachtaíocht maidir le dearaí agus é mar aidhm aige an reachtaíocht sin a nuachóiriú agus a chomhchuíbhiú tuilleadh, agus comhleanúnachas a áirithiú le *acquis* na dtrádmharcanna athchóirithe.

I gcomhthéacs an athchóirithe ar thrádmharcanna a rinneadh le déanaí, bunaíodh cheana le Rialachán an Aontais Eorpaigh maidir le Trádmharcanna (EUTMR) na critéir atá le cur san áireamh agus leibhéal tháillí EUTM á shocrú (féach Aithris 39 de EUTMR). Cé go bhfuil tábhacht le trédhearcacht níos fearr maidir le cumhdach costas, cuirfear tosca eile san áireamh freisin (amhail an luach eacnamaíoch ar cheart maoin intleachtúla ar fud an Aontais Eorpaigh a bheith dáfa).

Maidir le tásca geografacha, is é is aidhm don athchóiriú atá le teacht an córas reatha a neartú mar chearta maoin intleachtúla i gcomhréir leis an bPlean Gníomhaíochta um Maoin Intleachtúil agus ainmneacha bianna traidisiúnta a chosaint go héifeachtach. Cuireann an tionscnamh seo le cuspóirí an Chomhbheartais Talmhaíochta, go háirithe chun feabhas a chur ar fhreagairt thalmhaíochta an Aontais d'éilimh shochoaíochta ar bhia agus ar shláinte agus ar an gcaoi sin tugtar aghaidh ann ar an gComhaontú Glas don Eoraip agus ar an Straitéis 'ón bhfeirm go dtí an forc'.

**VII.** Tá struchtúr agus rialachas Oifig Maoin Intleachtúla an Aontais Eorpaigh ailínithe den chuid is mó le Cur Chuige Coiteann 2012 maidir le Gníomhaireachtaí Díláraithe (CADA).

Ina theannta sin, sa tuairim ón gCoimisiún, neartaíodh an creat cuntasachta le EUTMR athchóirithe (féach go háirithe Airteagail 153(1) (a) go (c), 157(4) (c) agus (e), 172 (9) agus 176 (1)).

Mar sin féin, bainfidh an Coimisiún leas as an meastóireacht atá beartaithe bunaithe ar Airteagal 210 EUTMR chun léargais bhreise a fháil agus chun féachaint an bhféadfaí gníomhaíocht bhreise a dhéanamh i réimse na cuntasachta.

Leis an athchóiriú atá le déanamh ar thásca geografacha, cuirtear san áireamh staidéar tacaíochta meastóireachta maidir le Tásca Geografacha agus Sainearraí Traidisiúnta faoi Ráthaíocht, a rinneadh in 2020. Is é is aidhm don athchóiriú teacht ar réitigh chun tásca geografacha a chosaint ar bhealach níos fearr, táirgeoirí a chumhachtú, nósanna imeachta a ailíniú agus a shimpliú agus cur le héifeachtúlacht rialuithe agus fhorfheidhmiú tásca geografacha.

**VIII.** Leis an Treoir maidir le Cearta Maoine Intleachtúla a Fhorfheidhmiú (IPRED), ní dhéantar foráil ach maidir le comhchuíbhíú íosta agus ceadaítear do na Ballstáit bearta a ghlacadh atá níos fabhraí do shealbhóirí cirt. Chomh maith leis sin, tá roinnt dá forálacha rognach agus féadfaidh cúirteanna náisiúnta léirmhíneithe éagsúla a sholáthar (laistigh de theorainneacha na solúbthachta a cheadaítear leis an Treoir). D'fhonn neamhréireachtaí náisiúnta a d'fhéadfadh a bheith ann i gcur chun feidhme IPRED a shainaithe, chruthaigh an Coimisiún, go háirithe, an grúpa nua saineolaithe ar an mbeartas maoine tionsclaíche (GIPP) ina ndéantar foráil don mhalartú maidir le forfheidhmiú i measc tascanna eile (Cinneadh C(2022) 161 an 20.01.2022).

D'oibrigh an Coimisiún go gníomhach leis na Ballstáit chun an forfheidhmiú a dhéanann údarais chustaim ar chearta maoine intleachtúla a chur i bhfeidhm. Mar sin féin, tá roinnt obair thábhachtach fós le déanamh, go háirithe chun bainistiú riosca custaim níos fearr agus níos aonfhoirmiú a áirithiú maidir le riosca CMI (féach an freagra mionsonraithe faoi mholadh uimhir 4).

**IX.** *An chéad fhleasc* - Glacann an Coimisiún leis an moladh. Leis an bPlean Gníomhaíochta um Maoine Intleachtúil, d'fhógair an Coimisiún na gníomhaíochtaí a bhfuil sé mar aidhm leo rialacha an Aontais a athbhreithniú agus a nuashonrú i réimse dhlí na maoine intleachtúla.

*An dara fleasc* - Glacann an Coimisiún leis an moladh. Tá struchtúr agus rialachas Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh ailínithe den chuid is mó le Cur Chuige Coiteann 2012 maidir le Gníomhaireachtaí Dílárthaí (CADA).

Áireofar san athbhreithniú atá bunaithe ar Airteagal 210 EUTMR measúnú ar thionchar, éifeachtacht agus éifeachtúlacht na hOifige agus a cleachtas oibre. Bainfidh an Coimisiún leas as an meastóireacht chun léargais bhreise a fháil agus chun féachaint an bhféadfaí gníomhaíocht bhreise a dhéanamh i réimse na cuntasachta.

*An tríú fleasc* - Glacann an Coimisiún leis an moladh. Agus an Plean Gníomhaíochta um Maoine Intleachtúil á chur chun feidhme aige, déanann an Coimisiún oibre chun an córas cosanta le haghaidh tásca geografacha do tháirgí talmhaíochta a neartú ionas go mbeidh sé níos éifeachtaí agus tá sé ag obair ar thogra maidir le córas cosanta AE le haghaidh tásca geografacha do tháirgí ceardaíochta agus tionsclaíochta (ar a dtugtar táirgí neamhthalmhaíochta).

*An ceathrú fleasc* - Glacann an Coimisiún leis an moladh. D'fhógair an Coimisiún cheana féin sa Phlean Gníomhaíochta um Maoine Intleachtúil go ndéanfadh sé na bearta is gá chun forfheidhmiú CMI a atreisiú. I ndáil leis sin, tríd an nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha (atá beartaithe) (an creat cothrománach), déanann an Coimisiún freagrachtaí soláthraithe seirbhísí digiteacha, go háirithe ardáin ar líne, a shoiléiriú agus a uasghrádú. Tá an Coimisiún ag déanamh tuilleadh oibre freisin chun Bosca Uirlisí an Aontais i gcoinne an ghóchumtha a bhunú, agus na prionsabail á leagan

amach aige maidir le gníomhaíocht chomhpháirteach, comhar agus comhroinnt sonraí i measc sealbhóirí cirt, idirghabhálaithe agus údaráis forfheidhmithe dlí (ionstraim earnáilsonrach).

Tá straitéis bainistithe riosca custaim maidir le CMIInna á hullmhú ag an gCoimisiún faoi láthair agus déanfaidh sé meastóireacht freisin ar chur chun feidhme an Rialacháin maidir leis an bhforfheidhmiú a dhéanann údaráis chustaim ar CMI.

## RÉAMHRÁ (Míreanna 1-12)

### Freagraí ón gCoimisiún:

**12.** I mBallstáit áirithe, is féidir a thabhairt de chumhacht do lucht custaim, bunaithe ar reachtaíocht náisiúnta, gníomhú maidir le brath earraí atá curtha laistigh den mhargadh inmheánach cheana agus a bhfuil amhras fúthu go sáraíonn siad CMI.

## RAON FEIDHME AGUS CUR CHUIGE AN INIÚCHTA (Míreanna 13-16)

Gan aon fhreagra ón gCoimisiún.

## BARÚLACHA (Míreanna 17-93)

### Freagraí ón gCoimisiún:

**17.** Leis an athchóiriú ar thrádmharcanna a rinneadh le déanaí, tugadh tuilleadh comhchuibhithe an-suntasach ar an dlí substainteach agus (go háirithe) ar an dlí nós imeachta náisiúnta trádmharcanna araon i gcomhréir le córas trádmharcanna an Aontais Eorpaigh. Aithnítear go ginearálta go léiríonn an Treoir Athmhúnlaithé maidir le Trádmharcanna an leibhéal comhchuibhithe reachtaíochta atá ag teastáil (a mhéid is féidir ó thaobh na polaitíochta de), agus aird chuí á tabhairt freisin ar phrionsabal bunúsach na coimhdeachta de chuid an Aontais. Tá an leibhéal ard comhchuibhithe a baineadh amach i gcomhréir le hinniúlacht an Aontais maidir le hábhair a thagann faoi raon feidhme Chonradh Shingeapór maidir le Cosaint Trádmharcanna.

**18.** An 19 agus an 20 Márta 2019, chuir an Coimisiún tús le himeachtaí um shárú in aghaidh na Gréige, na Fraince agus na Rómáine toisc nár thug siad fógra tráthúil faoina mbearta trasuímh. Cuireadh deireadh leis na himeachtaí sin tar éis fógra faoi na bearta faoi seach a fháil. Léirítear sa réamh-mheasúnú nach ndearnadh roinnt forálacha de na dlíthe náisiúnta a thrasuí, nó nach ndearnadh ach cuid díobh, a thrasuí. Tá an Coimisiún ag déanamh measúnú faoi láthair maidir le cé acu a dhéantar nó nach ndéantar an Treoir a shárú mar thoradh air sin. Ba cheart a thabhairt faoi deara nach gá forálacha uile na Treorach a thrasuí ná a thrasuí go hiomlán chun go mbeadh an dlí náisiúnta i gcomhréir leis an Treoir.

**20.** Agus barúlacha agus moltaí CIE á gcur san áireamh, beidh an mheastóireacht, i gcomhréir le hAirteagal 210 EUTMR, ina bonn don Choimisiún chun meastóireacht a dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil gá le tuilleadh gníomhaíochta agus chun a mheas, i gcás go bhfuil gá léi, a mhéid is a bhfuil gá léi.

**21.** Beidh an mheastóireacht atá ar na bacáin i gcomhréir le hAirteagal 210 EUTMR mar bhonn don Choimisiún chun a mheas agus a bhreithniú cé acu atá nó nach bhfuil gá le tuilleadh gníomhaíochta agus chun a mheas, i gcás go bhfuil gá léi, a mhéid is a bhfuil gá léi.

**22.** Cé nach bhfuil an Oifig faoi cheangal ag forálacha Airteagal 70 de Rialachán Airgeadais an Aontais, foráiltear le hAirteagal 177 EUTMR go mbeidh forálacha airgeadais EUIPO bunaithe ar na rialacháin airgeadais le haghaidh comhlachtaí eile arna mbunú ag an Aontas, a mhéid is a bhfuil siad comhoiriúnach le nádúr sonrach na hOifige; foráiltear leis an mbunús dlí céanna go rachfar i gcomhairle leis an gCoimisiún sula nglacfaidh an Coiste um an mBuiséad na forálacha airgeadais.

Ina theannta sin, déantar struchtúr agus rialachas EUIPO a ailíniú go ginearálta ón taobh sin de leis an gCur Chuige Coiteann maidir le Gníomhaireachtaí Díláraithe.

Mar sin féin, beidh an mheastóireacht atá ar na bacáin agus a dhéanfar i gcomhréir le hAirteagal 210 EUTMR ina bonn don Choimisiún chun a mheas agus a bhreithniú cé acu atá nó nach bhfuil gá le tuilleadh gníomhaíochta agus chun a mheas, i gcás go bhfuil gá léi, a mhéid is a bhfuil gá léi.

**23.** Sainítear freagrachtaí gach ceann de na comhlachtaí in EUTMR.

**24.** Comhlíonann comhdhéanamh an Bhoird Bainistíochta agus an Choiste um an mBuiséad Airteagal 154(1) agus Airteagal 171(2) EUTMR, agus tá sé ailínithe den chuid is mó leis an gCur Chuige Comhchoiteann, nach bhforálann i gcás gníomhaireachtaí féinmhaoinithe go ndéanfadh dhá chomhlacht rialaithe éagsúla an bhainistíocht riaracháin agus bhuiséadach. Ós rud é go bhfuil eolas ar fheidhmiú chóras trádmharcanna agus dearáí an Aontais Eorpaigh ina bhuntáiste d'ionadaithe i bhfeidhmiú a bhfeidhmeanna sa dá chomhlacht, measann an Coimisiún gur deacair aon fhorluí a éileamh ar chor ar bith ina gcomhdhéanamh. Níl aon tionchar ag an gCoimisiún ar ainmniúchán ionadaithe na mBallstát.

**25.** Beidh an mheastóireacht a dhéanfar i gcomhréir le hAirteagal 210 EUTMR ina bonn don Choimisiún chun a bhreithniú cé acu atá nó nach bhfuil gá le tuilleadh gníomhaíochta, agus i gcás go bhfuil gá léi, a mhéid is a bhfuil gá léi.

**26.** Tá an t-athbhreithniú ar an reachtaíocht maidir le Dearáí á ullmhú ag an gCoimisiún chun í a nuachóiriú agus a chomhchuíbhíú tuilleadh, agus chun comhleanúnachas leis an *acquis* athchóirithe trádmharcanna a áirithiú.

**27.** Agus é comhlántach leis an gcosaint náisiúnta ar dhearaí atá ar fáil ar an leibhéal náisiúnta, cosaint a comhchuíbhíodh leis an Treoir maidir le Dearáí, bunaítear leis an Rialachán córas uathrialach cosanta aonadaí le haghaidh dearáí a bhfuil éifeacht aonfhoirmeach acu ar fud an Aontais ionas go mbeidh na gnólachtaí san Aontas Eorpach in ann cearta éagsúla a dhiúscairt agus rogha a dhéanamh eatarthu gan bhac nó cearta éagsúla a chomhcheangal de réir riachtanais aonair ghnó.

Tá an t-athbhreithniú ar an reachtaíocht maidir le Dearaí á ullmhú ag an gCoimisiún chun í a nuachóiriú agus a chomhchuíbhíú tuilleadh, agus chun comhleanúnachas leis an *acquis* athchóirithe trádmarcanna a áirithiú. Is é is aidhm don chomhchuíbhíú breise atá beartaithe, go háirithe, cothrom iomaíochta níos fearr a chruthú do ghnólachtaí san Aontas Eorpach agus an chomhlántacht agus an idir-inoibritheacht idir an tAontas agus córais náisiúnta dearaí a neartú.

**28.** Is é is aidhm don athchóiriú i leith dearaí feabhas a chur ar dhigitiú nósanna imeachta, agus tuilleadh soiléireachta a chur ar fáil ó thaobh ábhar incháilithe de, maidir le raon feidhme na gcearta a thugtar agus a theoranta is a bhíonn siad. Leis an athchóiriú, tugtar aghaidh freisin ar struchtúr na dtáillí agus ar ailíniú breise na rialacha níos imeachta ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta, agus ar ailíniú breise na rialacha maidir le páirteanna spártha.

**29.** Tá an t-athbhreithniú ar an reachtaíocht maidir le dearaí á ullmhú ag an gCoimisiún chun í a nuashonrú agus a nuachóiriú, agus chun comhleanúnachas leis an *acquis* athchóirithe trádmarcanna a áirithiú.

**30.** Rinneadh dlíthe na mBallstát lena ndéantar foráil maidir le cosaint dearaí ar leibhéal intíre a chomhchuíbhíú i bpáirt le Treoir 98/71/CE maidir le cosaint dhlíthiúil dearaí ('an Treoir'). Bhain an comhchuíbhíú le príomhghnéithe den dlí substainteach maidir le dearadh gan nósanna imeachta a chumhdach.

Ar bhonn meastóireacht chuimsitheach, tá an t-athbhreithniú ar an reachtaíocht maidir le dearaí á ullmhú ag an gCoimisiún chun í a nuachóiriú agus a chomhchuíbhíú tuilleadh, agus chun comhleanúnachas leis an *acquis* athchóirithe trádmarcanna a áirithiú. D'fhonn feabhas a chur ar chothrom na Féinne do ghnólachtaí san Aontas Eorpach agus an chomhlántacht agus an idir-inoibritheacht idir an tAontas agus córais náisiúnta dearaí a neartú, ba cheart go gcumhdófaí freisin le tuilleadh comhchuíbhíthe amach anseo príomhghnéithe na nósanna imeachta mar a áirítear freisin san athchóiriú ar thrádmarcanna a rinneadh le déanaí.

**31.** b) Tá saoirse ag oifigí náisiúnta a dtáillí a shocrú dá réir sin toisc go bhfuil ceannasacht airgeadais acu ina dtaobh. Dá bhrí sin, is beag an acmhainneacht atá ann comhphrionsabail (éigeantacha) maidir le struchtúir táillí a leagan síos, mar a léiríodh go soiléir leis an athchóiriú ar thrádmarcanna a rinneadh le déanaí.

**33.** Ós rud é go bhfuil cosaint i bhfoirm an dearaidh Comhphobail neamhchláraithe ar fáil do gach dearthóir agus do gach gnólacht ar fud an Aontais, níl aon ghá le cosaint chomhthreomhar ar dhearadh neamhchláraithe ar an leibhéal náisiúnta.

**37.** Tugadh sásra isteach in 2016 a bhfuil sé d'aidhm aige carnadh barrachais shuntasach a chosc i gcomhthéacs athchóiriú EUTMR (Airteagal 172(8)). Mar sin féin, murab ionann agus an togra ón gCoimisiún nach bhfuair tacaíocht ó na comhrechtóirí, ní chuirtear chun feidhme leis an sásra sin prionsabal an aistriú uathoibríoch ('an rogha dheireanach') a bhaineann le haon bharrachas struchtúrach substaintiúil a aistriú chuig buiséad an Aontais, rud a bheadh, i dtuairim an Choimisiúin, i gcomhréir leis an Rialachán lenar bunaíodh EUIPO agus le prionsabail ghinearálta na bainistíochta fónta buiséadaí.

Faoi mar atá mínithe ag an gCoimisiún freisin, tugadh isteach leis an athchóiriú ar thrádmarcanna a rinneadh le déanaí in EUTMR critéir atá le cur san áireamh agus leibhéal tháillí EUTM á shocrú (féach Aithris 39 de EUTMR). Ní fhéadfaidh cumhdach costais ach a bheith ina thoisic amháin chun táillí a chinneadh le haghaidh teidil eisiacha CMI ar fud an Aontais. Cé go dtuigtear go bhfuil



tábhacht le trédhearcacht níos fearr maidir le cumhdach costas le bheith in ann éifeachtúlacht EUIPO i dtaobh a chroí-oibríochtaí a mheas, cuirfear tosca eile (amhail luach eacnamaíoch an chirt maoin intleachtúla arna dhámhachtain) san áireamh freisin. Go deimhin, i bhfianaise ‘an rithábhacht a bhaineann le méideanna na dtáillí is iníoctha le EUIPO as feidhmiú chóras trádmarcanna an Aontais Eorpaigh agus an gaol comhlántach atá aige le córais trádmarcanna náisiúnta’, mheas na comhreachtóirí gurb iomchuí go dtabharfaí aghaidh ar mhéideanna na dtáillí sa bhun-Rialachán um Thrádmarcanna AE.

**38.** An 10 Eanáir 2022, sheol an Coimisiún agus EUIPO an Ciste um Chearta Maoine Intleachtúla d’Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide (Ciste um Maoine Intleachtúil do FMBanna), a mbeidh buiséad EUR 47 milliún aige don tréimhse 2022-24. Beidh ranníocaíocht EUIPO cothrom le EUR 45 mhilliún ón mbarrachas. Tá an Coimisiún agus EUIPO ag fiosrú cineálacha feithiclí airgeadais eile freisin chun rannchuidiú tuilleadh leis an gCiste um Maoine Intleachtúil d’Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide ó bharrachas 2023.

**39.** Chun cómhareachtáil chothrom chomhchuí na gcóras trádmarcanna a áirithiú laistigh den Aontas, is gá don leibhéal táillí faoi seach a bheith i gcomhréir le tábhacht eacnamaíoch na gcearta maoiné ábhartha lena mbaineann agus, dá bhrí sin, ba cheart é a bheith de chineál nach spreagfaí úsáideoirí chun cearta trádmarc a fháil thar raon feidhme iarbhír a leasanna, i.e. gan é a bheith beartaithe acu ná gan deis a bheith acu iad a úsáid ar fud an Aontais.

**40.** Agus struchtúr agus méid na dtáillí ar thrádmarcanna AE á n-athbhreithniú ag an gCoimisiún, rinne sé breithniú ar an ngá go mbeadh buiséad EUIPO comhardaithe, lena n-áiríodh cumhdach sábháilte ar chostais na hOifige chun a seirbhísí a chur ar fáil, chomh maith le meánmhéid na dtáillí a bheadh iníoctha ar an leibhéal náisiúnta le haghaidh cosaint trádmarc intíre.

**41.** Mar a d’aithin an reachtóir go sainráite san athchóiriú ar thrádmarcanna a rinneadh le déanaí, ar mhaithe le bainistíocht fhóna airgeadais, ní mór carnadh barrachas suntasach buiséadach ag EUIPO a sheachaint (féach Aithris 38 EUTMR).

Dá bhrí sin, nuair a rinneadh athchóiriú ar EUTMR, rinneadh roinnt leasuithe d’fhonn an fhéidearthacht a laghdú maidir le barrachas a ghiniúint amach anseo.

Leis an athchóiriú ar thrádmarcanna a rinneadh le déanaí cinneadh na critéir atá le cur san áireamh agus leibhéal tháillí EUTM á shocrú (féach Aithris 39 de EUTMR).

Faoi mar a aimsíodh sa Staidéar Max Planck roimhe seo, is saincheist é leibhéal na dtáillí, ina bhfuil raon lánrogha suntasach ag an reachtóir agus d’fhéadfadh sé leasanna dlisteanacha éagsúla a chur san áireamh.

Tar éis laghdú suntasach ar tháillí EUTM cheana féin in 2005 agus 2009, tháinig laghdú suntasach eile as athchóiriú 2015 ar EUTMR, rud a d’fhág go raibh cosaint trádmarcanna AE an-tarraingteach agus an-iomaíoch ó thaobh costas de (€ 850 le haghaidh iarratas EUTM).

**42.** Faoi mar a d’fhoráil an reachtóir in EUTMR (Aithris 36), tá ualaí méadaithe airgeadais ar lároifigí maoiné tionsclaíche agus ar údarais eile na mBallstát mar thoradh ar bhunú chóras trádmarcanna an Aontais Eorpaigh. Measadh, dá bhrí sin, gurbh iomchuí a áirithiú go bhfritháireoidh EUIPO cuid de na costais arna dtabhú ag na Ballstáit as an ról atá acu chun feidhmiú rianúil chóras trádmarcanna an Aontais Eorpaigh a áirithiú, gan easnamh buiséadach a chruthú don Oifig.



**Freagra coiteann ar mhír 43 go mír 44.** Leag an reachtóir síos an córas fritháirimh in Airteagal 172(4) go (7) EUTMR. Mheas an reachtóir go bhfuil na heochairtháscairí feidhmíochta a leagtar amach in Airteagal 172(5) cóir, cothromasach agus ábhartha. Is faoina gceannasacht airgeadais náisiúnta a thagann úsáid na méideanna fritháirimh ag na Ballstáit.

Mar sin féin, beidh an mheastóireacht atá ar na bacáin agus a dhéanfar i gcomhréir le hAirteagal 210 EUTMR ina bonn don Choimisiún chun a mheas agus a bhreithniú cé acu atá nó nach bhfuil gá le tuilleadh gníomhaíochta agus chun a mheas, i gcás go bhfuil gá léi, a mhéid is a bhfuil gá léi.

**45.** De réir na foclaíochta in Airteagal 172(4) EUTMR, measann an reachtóir gur ‘táscairí córa, cothromasacha agus ábhartha’ iad na heochairtháscairí feidhmíochta a leagtar síos i bpointe (a) go pointe (d) den fhoráil sin. Ina theannta sin, le bunú agus dearadh an tsásra fritháirimh in Airteagal 172, b’éigean ceannasacht airgeadais na mBallstát a chur san áireamh, rud a léiríonn nach bhfuil ach cuid de lároifigí maoiné tionsclaíche na mBallstát neamhspleách ó thaobh airgeadais de óna mbuiséad gearrálta náisiúnta.

**Freagra ar Bhosca 2 – Ní sonrath, intomhaiste, indéanta, réalaióch agus faoi cheangal ama (SMART) é an measúnú ar eochairtháscairí feidhmíochta maidir leis na méideanna fritháirimh a dháileadh**

(1) Mheas an reachtóir go raibh líon bliantúil na n-iarratas ar thrádmharcanna AE i ngach Ballstát ábhartha mar léiriú ar ‘éacht’ lároifigí maoiné tionsclaíche na mBallstát maidir le glacadh na cosanta ar thrádmharcanna AE a chur chun cinn trí sholáthar na faisnéise dá dtagraítear in Airteagal 172(4)(b) de EUTMR.

(2) Mheas an reachtóir go raibh líon bliantúil na n-iarratas ar thrádmharcanna náisiúnta i ngach Ballstát comhghaolaithe leis na costais arna nginiúint ag córas trádmharcanna AE mar go gcuireann dlí trádmharcanna náisiúnta roinnt lároifigí maoiné tionsclaíche de chuid na mBallstát oibleagáid ar na hoifigí sin scrúdú *ex officio* a dhéanamh ar fhorais choibhneasta le haghaidh diúltaithe i bhfoirm neamhréireacht ceart roimhe sin, lena n-áirítear iarratais agus clárúcháin roimhe sin ar thrádmharcanna AE.

(3) Mheas an reachtóir go raibh líon bliantúil na gcásanna a tugadh os comhair na gcúirteanna um thrádmharcanna AE a d’ainmnigh gach Ballstát ábhartha mar léiriú ar ‘an costas’ a bhí i gceist ag údarais náisiúnta maidir le rannchuidiú le forfheidhmiú trádmharcanna AE dá dtagraítear in Airteagal 172(4)(c) EUTMR.

(4) Mheas an reachtóir go raibh líon bliantúil na bhfreasúraí agus na n-iarratas ar dhearbhu neamhbhailíochta a chuir dílseánaigh trádmharcanna AE isteach i ngach Ballstát ábhartha mar léiriú ar na costais bhreise arna dtabhú ag lároifigí maoiné tionsclaíche na mBallstát as an ról atá acu i bhfeidhmiú rianúil an chórais trádmharcanna AE a áirithiú.

**47.** San athchóiriú ar an Sainithint Gheografach (GI) atá ar na bacáin, is é is aidhm leis an réimse iomlán earraí mar a liostaítear iad faoi Chaibidlí na hainmníochta comhcheangailte 1 go dtí 23, go huile, a bunaíodh le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle a chumhdach.

Tá sé mar aidhm ag an gCoimisiún togra a ullmhú le haghaidh córas cosanta uile-Aontais le haghaidh tásca geografacha táirgí ceardaíochta agus tionsclaíochta (táirgí neamhthalmhaíochta) a chur chun feidhme sa dara ráithe de 2022.

**51.** An ceanglas go mbeadh ionadaithe gairmiúla i dteideal ionadaíocht a dhéanamh ar dhaoine nádúrtha nó dlítheanacha maidir le hábhair trádhmhairc nó dearaí os comhair oifig lárnach maoiné tionsclaíche Ballstáit de bhun Airteagal 120(2)(c) EUTMR agus Airteagal 78(4)(c) CDR, is é is cúis leis sin nach ann do chur síos aonfhoirmeach sainithe go soiléir ar an ngairm atá ann sna Ballstáit.

**54.** Leagadh síos creat sonrath in Airteagal 152 EUTMR do EUIPO (i gcomhlíonadh a chúraim chomhfhreagraigh de bhun Airteagal 151(1)(c) EUTMR) chun coinbhéirseacht cleachtas agus uirlisí i réimsí na dtrádmharcanna agus na ndearaí a chur chun cinn, i gcomhar leis na lároifigí maoiné intleachtúla sna Ballstáit.

**55.** Ina theannta sin, de réir Airteagal 152(5) EUTMR, ní bheidh tacaíocht airgeadais EUIPO do thionscadail chomhair ábhartha níos mó ná 15 % d'ioncam bliantúil EUIPO.

**62.** Leis an athchóiriú ar thásca geografacha atá ar na bacáin, díritear ar nósanna imeachta a ailíniú le haghaidh gach earráil tásca geografacha atá ann cheana, lena n-áirítear maidir le húsáid éigeantach eAmbrosia an Aontais le haghaidh gach iarratais.

**65.** Tá an Coimisiún ar an eolas faoi na moilleanna a bhaineann le hiarratais tásca geografacha a fhorghnas i ngeall ar an iliomad tosca a shainaitheann Cúirt Iniúchóirí na hEorpa. Tá sé ar intinn ag an gCoimisiún aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist sin san athchóiriú ar thásca geografacha, atá ar na bacáin, chun feabhas a chur ar fhreagrúlacht fhoriomlán agus ar láimhseáil thráthúil na n-iarratas ar thásca gheografacha.

**Freagra coiteann ón gCoimisiún ar mhíreanna 66 agus 67.** Leagtar amach rialacha mionsonraithe áirithe maidir le forfheidhmiú tásca geografacha, rialacha mionsonraithe lena dtugtar aghaidh ar shainiúlachtaí earráil áirithe i bhforeachtaíocht in earráil an fhíona agus na ndeochanna biotáilleacha<sup>1</sup>. San athchóiriú ar thásca geografacha, atá ar na bacáin, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún cur le éifeachtacht agus le caighdeánú rialuithe agus an fhorfheidhmithe i dtaobh tásca geografacha agus aghaidh a thabhairt ar riachtanais shonracha TGanna.

**68.** Tháinig Rialachán (AE) 2017/625 i bhfeidhm an 14 Nollaig 2019. Comhlánaíodh an Rialachán in 2019 agus in 2020 le roinnt gníomhartha tarmhligthe agus cur chun feidhme ina sonraítear mionsonraí maidir le gach gné den slabhra agraibhia ag a bhfuil feidhm ag an Rialachán. Dhírigh na

---

<sup>1</sup> Rialachán Chur Chun Feidhme an Choimisiúin (AE) 2019/34, lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hiarratais ar chosaint ar ainmiúchán tionscnaimh, tásca geografacha agus téarmaí traidisiúnta in earráil an fhíona, an nós imeachta agóide, leasuithe ar shonraíochtaí táirgí, clár na n-ainmneacha cosanta, cealú cosanta agus úsáid siombailí, agus cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le córas iomchuí seiceálacha, 17.10.2018

Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1236 ón gCoimisiún, lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2019/787 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a bhaineann le hiarratais ar chláru tásca geografach deochanna biotáille, leis an nós imeachta freasúra, le leasuithe ar shonraíochtaí táirgí, leis an gclárú a chealú, le siombail a úsáid agus le rialú, 12.5.2021

chéad sheimineáir um Oiliúint Níos Fearr le haghaidh Bia Níos Sábháilte (BTSF) in 2020 agus in 2021 (le roinnt cur isteach mar gheall ar phaindéim Covid-19) chun eolas a scaipeadh ar na gnéithe nua cothrománacha sa Rialachán.

**71.** Aontaíonn an Coimisiún gur cheart creat fóna forfheidhmiúcháin AE a bheith ag an Aontas i dtaobh CMI chun freastal ar na riachtanais sin.

**72.** D'éirigh le IPRED comhfhogasú a dhéanamh ar dhlíthe náisiúnta maidir le cearta maoinne intleachtúla a fhorfheidhmiú<sup>2</sup>. Leis an Treoir, ní dhéantar foráil ach maidir le comhchuíbhíú íosta agus ceadaítear do na Ballstáit bearta a ghlacadh atá níos fabhraí do shealbhóirí cirt. Chomh maith leis sin, tá roinnt dá forálacha roghnach agus féadfaidh cúirteanna náisiúnta léirmhínte éagsúla a sholáthar (laistigh de theorainneacha na solúbthachta a cheadaítear leis an Treoir).

Bhí Treoir 2017 maidir le gnéithe áirithe de IPRED<sup>3</sup> dírithe ar léirmhíniú agus ar chur i bhfeidhm níos comhsheasmhaí agus níos éifeachtaí a chur chun cinn agus tá curtha le cothrom na Féinne dá bharr.

**73.** Mar a léirítear sa Phlean Gníomhaíochta um Maoin Intleachtúil, leanann an Coimisiún de dhlúthfhaireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na Treorach maidir le CMI na a fhorfheidhmiú chun sásamh breithiúnach éifeachtach cothrom a áirithiú. Oibríonn sé i gcomhar leis na Ballstáit agus leis na geallsealbhóirí chun éifeacht a thabhairt don treoir ón gCoimisiún in 2017. Ina theannta sin, tá staidéar leantach á bheartú ag an gCoimisiún maidir le cur i bhfeidhm na Treorach maidir le cearta maoinne intleachtúla a fhorfheidhmiú.

**74.** Ba cheart a thabhairt faoi deara, murab ionann agus an Treoir maidir le Ríomhthráchtáil agus an togra le haghaidh an Achta um Sheirbhísí Digiteacha (DSA), nach bhforáiltear sa Treoir maidir le cearta maoinne intleachtúla a fhorfheidhmiú d'fhorálacha substainteacha maidir le dliteanas sáraitheoirí/idirghabhálaithe ná maidir le díolúintí ina leith. Leis an Treoir maidir le cearta maoinne intleachtúla a fhorfheidhmiú, comhchuíbhítear nósanna imeachta riaracháin agus sibhialta mar aon le bearta ceartaitheacha agus dá bhrí sin is difriúil ó bhun an aidhm rialála lena mbaineann.

Déanann an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha (atá beartaithe) ceangal idir oibleagáidí soláthraithe éagsúla seirbhísí idirghabhálacha ar líne lena ról, a méid agus a dtionchar ar an éiceachóras ar líne. Tá oibleagáidí substainteacha áirithe teoranta d'ardáin an-mhór ar líne amháin, a bhfuil ról lárnach, sistémach acu anois mar gheall ar a rochtain, chun an díospóireacht phoiblí agus idirbhearta eacnamaíoch a éascú.

Tá staidéar leantach á bheartú ag an gCoimisiún maidir le cur i bhfeidhm na Treorach maidir le cearta maoinne intleachtúla a fhorfheidhmiú.

**78.** Aithníonn an Coimisiún nach sainmhínítear le Rialachán (AE) 608/2013 'earraí de chineál neamhthráchtála', rud a fhágann go bhfágtar faoi na Ballstáit é a léirmhíniú. Sainmhínítear le dlí

---

2 SWD(2017) 431 final, Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin, Meastóireacht, a ghabhann leis an doiciméad, COM(2017) 708 final, Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le Treoir i ndáil le gnéithe áirithe de Threoir 2004/48/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cearta maoinne intleachtúla a fhorfheidhmiú, 29.11.2017

3 COM(2017) 708 final, Teachtaireacht ón gCoimisiún: Treoraíocht maidir le gnéithe áirithe Threoir 2004/48/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cearta maoinne intleachtúla a fhorfheidhmiú, 29.11.2017

substainteach maoinne intleachtúla maidir le trádmharcanna nach féidir sárú a dhéanamh ach amháin i gcás ina n-úsáidtear an marc cosanta 'i gcúrsa trádála', ní hamhlaidh atá i gcás ítimí i mbagáiste pearsanta taistealaithe mura bhfuil sé beartaithe iad a úsáid ach amháin d'úsáid phríobháideach neamhthráchtála. Níl aon léirmhíniú breise sa dlí substainteach maoinne intleachtúla ar cad is brí le húsáid 'i gcúrsa trádála', agus ní shainítear ar leibhéal idirnáisiúnta an méid is féidir a mheas mar úsáid neamhthráchtála.

Mar sin féin, níor thuairiscigh na Ballstáit aon deacracht ar leith sa léirmhíniú ar choincheap na húsáide 'neamhthráchtála' i gcás earraí i mbagáiste pearsanta, ná i gcur chun feidhme an Airteagail arna lua sa Rialachán.

**79.** Aithníonn an Coimisiún nach ann faoi láthair do chreat foirmiúil AE maidir le bainistiú riosca CMI nó straitéis rialaithe CMI. Mar sin féin, tá faisnéis faoi riosca roinnte cheana féin faoin gCreat Comhchoiteann Bainistíochta Riosca (CRMS).

Aontaíonn an Coimisiún gur féidir feabhas a chur ar an straitéis bainistithe agus rialaithe riosca le haghaidh custam CMI na n-áite a fhorfheidhmiú. I bPlean Gníomhaíochta Custaim an Aontais chun dul i ngleic le sárúithe ar CMI sna blianta ó 2018 go 2022, tá gníomhaíocht shonrach ann cheana féin arb é is cuspóir di bainistiú riosca CMI a neartú. Sa chomhthéacs sin, chuir an Coimisiún tús le straitéis rialaithe bunaithe ar bhainistíocht chomhchoiteann riosca a fhorbairt.

**81.** Aontaíonn an Coimisiún go bhfuil an sainmhíniú reatha ar choinsíneachtaí beaga i Rialachán 608/2013 i mbaol mar gheall ar an méadú atá tagtha ar mhéideanna na ríomhthráchtála. Tá athbhreithniú á dhéanamh ag an gCoimisiún, dá bhrí sin, ar thairseacha an nós imeachta maidir le coinsíneachtaí beaga (trí ghníomh tarmligthe ar an gcéad dul síos dá bhforáiltear i Rialachán 608/2013). D'fhéadfaí, dá bhrí sin, méid níos airde earraí a scriosadh le haghaidh gach coinneála a dhéantar faoin nós imeachta maidir le coinsíneachtaí beaga.

**82.** Aithníonn an Coimisiún go n-úsáideann Ballstát amháin nós imeachta sonrach um urghabháil in ionad an nós imeachta maidir le coinsíneachtaí beaga a shainítear i Rialachán 608/2013. Is ionann é, áfach, agus nós imeachta coiriúil atá bunaithe freisin ar chumhacht idirbhirt a shainítear leis an gcód custaim náisiúnta lena mbaineann agus, dá bhrí sin, a bhaineann go sonrach leis na hinniúlachtaí náisiúnta a thugtar do na húdaráis chustaim sna Ballstáit sin. Dá dtabharfaí an inniúlacht sin do na húdaráis chustaim uile ar leibhéal an Aontais, d'fhéadfaí úsáid níos imeachta comhchosúil ag na Ballstáit uile a fhiosrú.

**83.** Aithníonn an Coimisiún go dtugtar rogha le Rialachán 608/2013 do na húdaráis náisiúnta chustaim a iarraidh nó gan a iarraidh ar an sealbhóir cirt aisíoc a dhéanamh ar na costais a thabhaíonn coinneáil agus scriosadh na n-earraí a bhfuil amhras fúthu go sáraíonn siad CMI. Measann an Coimisiún gur inniúlacht lánroghnach de chuid na mBallstát é an cur chuige is éifeachtúla a roghnú.

**84.** Aontaíonn an Coimisiún nach gá go mbeadh na saoráidí díothúcháin chun earraí áirithe a scriosadh ar fáil i ngach Ballstát, cé go bhforáiltear le Rialachán 608/2013 (Airteagal 25(2)) don fhéidearthacht earraí a scriosadh i mBallstáit eile.

Aithníonn an Coimisiún go maoinítear an buiséad le haghaidh scriosta agus stórála sna Stáit Aontaithe leis na fineálacha a ghearrtar ar dhéantóirí coire: íoctar na costais a bhaineann le stóráil agus scriosadh earraí góchumtha trí Chiste Forghéillte na Roinne Stáitchiste. I gcásanna áirithe, d'aontaigh páirtithe eile amhail na meariompróirí freagracht a ghlacadh as costais a bhaineann le

scriosadh earraí góchumtha amhrasta. Dá dtabharfaí isteach córas den chineál sin san Aontas, ní hamháin go mbeadh fíneálacha ar fud an Aontais ag teastáil maidir le trádáil in earraí a sháraíonn CMIInna, ach bheadh sainiúlachtaí ann freisin amhail forghéilleadh sócmhainní is infheidhme faoi chóras na Stát Aontaithe. Bheadh gá le réamh-mheasúnú chun córas inchomparáide a thabhairt isteach ar leibhéal an Aontais.

**87.** Maidir le dlíthe substainteacha maoin intleachtúla, mhol an Coimisiún faoi dhó – in 2003 agus in 2005 – an dlí coiriúil substainteach a bhaineann le maoin intleachtúil a chomhchuihbhiú, ach níorbh fhéidir teacht ar chomhaontú maidir le téacs. Sna Conclúidí ón gComhairle maidir le maoin intleachtúil an 18 Meitheamh 2021, mheas an Chomhairle ‘gur gá machnamh a spreagadh maidir le sárúithe coiriúla ar chearta maoin intleachtúla a chosc agus a chomhrac [...], agus an bhaint atá acu sin le coireacht idirnáisiúnta eacnamaíoch agus airgeadais [...], lena n-áirítear maidir leis an ngá a d’fhéadfadh a bheith ann chun breithniú a dhéanamh ar dhifríochtaí dlíthiúla atá ann cheana idir creataí dlí choiriúil na mBallstát, ar bhearnaí coiriúla agus ionchúisimh a d’fhéadfadh a bheith ann, agus ar bhacainní dlíthiúla agus praiticiúla ar chomhar trasteorann laistigh den Aontas’.

Faoi láthair, tá an Coimisiún ag plé leis na Ballstáit na pionóis chustaim, na dlíthe custaim náisiúnta dá bhforáiltear i gcás ina mainníonn sealbhóir na n-earraí nó an dearbhóir an reachtaíocht chustaim a chomhlíonadh.

**88.** Aithníonn an Coimisiún na cleachtais éagsúla atá ag na Ballstáit maidir le coinneáil a thuairisciú in COPIS (córas faisnéise frith-ghóchumtha agus frithphíoraídeachta uile-Aontais) (sprioc-amanna éagsúla). Ós rud é gur bunachar sonraí chun críocha staidrimh é COPIS, níl aon iarmhairt ag an dibhéirseacht sin ó thaobh bainistiú riosca de. Tuigeann an Coimisiún, áfach, go gcabhródh cur chuige níos coitinne chun an tuairisciú a ullmhú ar leibhéal an Aontais. Dá bhrí sin, leanfaidh an Coimisiún dá iarrachtaí leis na Ballstáit ionas go gcloífear le cleachtas coiteann tuairiscithe ó thaobh sprioc-ama de. Féadfar aghaidh a thabhairt air sin freisin i gcomhthéacs an chleachtaidh meastóireachta a dhéanfar ar chur chun feidhme Rialachán 608/2013.

**89.** Tá an Coimisiún ar aon dul leis an mbarúil ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa nach mbaineann na Ballstáit leas iomlán as an bhféidearthacht a chuirtear ar fáil leis an gcomhéadan comhroinnte idir COPIS agus AFIS (Córas Faisnéise Frith-Chalaoise OLAF).

**90.** Leanann an Coimisiún de bheith ag iarraidh forálacha maidir le cúnamh riaracháin frithpháirteach a chur san áireamh, lena ndéanfaí foráil maidir le féidearthacht faisnéis a mhalartú, sna comhaontuithe trádála déthaobhacha a dhéanann sé a chaibidliú thar ceann an Aontais.

**92.** a) Tá an bharúil chéanna tugtha ag an gCoimisiún agus atá ag Cúirt Iniúchóirí na hEorpa. Tabharfar aghaidh ar cheist na dtairseach maidir le hidirghabháil chustaim sa mheastóireacht ar chur chun feidhme Rialachán 608/2013.

b) Aontaíonn an Coimisiún nach bhfuil sé i gcomhréir le ceanglais Rialachán 608/2013. Tá sé ar intinn ag an gCoimisiún béim a leagan ar oibleagáidí na mBallstát le linn an bhabhta reatha de chuariteanna tacaíochta maidir le cur chun feidhme Rialachán 608/2013 sna 27 mBallstát agus faoi chuimsiú ghrúpa na saineolaithe custaim – an roinn CMI.

c) Tugann an Coimisiún dá aire agus is oth leis nach gcuireann roinnt Ballstát na sonraí isteach in CIS+.

d) Féach an freagra ón gCoimisiún ar mhír 88.

**93.** Tá straitéis rialaithe atá bunaithe ar bhainistiú riosca CMI á hullmhú ag an gCoimisiún faoi láthair, agus ba cheart go gcuideodh an straitéis sin le rialuithe custaim a fheabhsú sna Ballstáit uile.

## CONCLÚIDÍ AGUS MOLTAÍ (míreanna 94-101)

### Freagraí ón gCoimisiún:

**95.** Tá an t-athbhreithniú ar an reachtaíocht dearáí á ullmhú ag an gCoimisiún chun í a nuachóiriú agus a chomhchuíbhíú tuilleadh. D'fhonn feabhas a chur ar chothrom na Féinne do ghnólachtaí san Aontas Eorpach agus an chomhlántacht agus an idir-inoibritheacht idir an tAontas agus córais náisiúnta dearáí a neartú, ba cheart go gcumhdófaí freisin le tuilleadh comhchuíbhithe amach anseo príomhghnéithe na nósanna imeachta mar a áirítear freisin san athchóiriú ar thrádmharcanna a rinneadh le déanaí.

Oibríonn an Coimisiún freisin ar thogra maidir le córas cosanta AE le haghaidh tásca geografacha táirgí ceardaíochta agus tionsclaíochta (ar a dtugtar táirgí neamhthalmhaíochta).

**96.** Tá cleachtadh meastóireachta ar Rialachán 608/2013 á bheartú ag an gCoimisiún ina ndéanfaidh sé measúnú - i measc nithe eile - ar an ngá atá le hathbhreithniú a dhéanamh ar ghnéithe áirithe den Rialachán, amhail sainmhíniú ar choinsíneachtaí beaga agus tairseacha idirghabhála a thabhairt isteach maidir leis an bhforfheidhmiú custaim ar CMI. Ina theannta sin, tá straitéis riosca CMI á hullmhú ag an gCoimisiún faoi láthair.

### Moladh 1 – Creataí rialála CMI an Aontais a chomhlánú agus a nuashonrú

a) Glacann an Coimisiún leis na moltaí. Tá sé mar aidhm ag an gCoimisiún togra a ullmhú le haghaidh córas cosanta uile-Aontais le haghaidh tásca geografacha táirgí ceardaíochta agus tionsclaíochta (táirgí neamhthalmhaíochta) a chur chun feidhme sa dara ráithe de 2022. Mar sin féin, ní féidir leis an gCoimisiún, ag an gcéim seo, gealltanais a thabhairt maidir le hábhar na dtograí reachtacha a bheidh ann amach anseo.

b) Glacann an Coimisiún leis an moladh. Is é is aidhm don athbhreithniú a dhéanfar go luath ar reachtaíocht an Aontais maidir le cosaint dearáí raon feidhme na gceart dearáí a ailíniú leis an athchóiriú ar thrádmharcanna AE le go gcuimseofar freisin earraí dearaidh góchumtha atá ar idirthuras san Aontas. Mar sin féin, ní féidir leis an gCoimisiún, ag an gcéim seo, gealltanais a thabhairt maidir le hábhar na dtograí reachtacha a bheidh ann amach anseo.

Glacann an Coimisiún leis an moladh i ndáil le tairseach idirghabhála a thabhairt isteach maidir le forfheidhmiú CMI na n-údarás custaim. Tabharfar aghaidh air sin i gcleachtadh meastóireachta Rialachán (CE) Uimh. 608/2013, lena n-áireofar comhairliúchán leis na geallsealbhóirí príobháideacha, arb iadsan is mó lena mbaineann sainiú na dtairseach sin.

Glacann an Coimisiún leis an moladh maidir le méadú an tsainmhíneithe ar choinsíneacht bheag. Mar gheall ar an méadú forleathan ar líon bheartáin na gcúiréirí poist agus na mearchúiréirí, d'fhéadfadh oiriúnú ar an sainmhíniú a bheith ag teastáil chun go n-éascófar forfheidhmiú

éifeachtúil ag na húdaráis chustaim. Ar an gcéad dul síos, tá an Coimisiún ag cuimhneamh ar athbhreithniú a dhéanamh ar thairseacha an nós imeachta maidir le coinsíneachtaí beaga (trí ghníomh tarmhligthe a mholadh mar a fhoráiltear i Rialachán 608/2013). Le feidhmiú meastóireachta Rialachán 608/2013 tabharfar aghaidh freisin ar cé acu an bhfuil nó nach bhfuil gá le hathbhreithniú níos doimhne a dhéanamh ar shainmhíniú na coinsíneachta bige.

**97.** Tagraíonn an Coimisiún dá fhreagraí ar mhíreanna 37 agus 42.

## **Moladh 2 – Measúnú ar na socruithe rialachais agus ar an modheolaíocht chun táillí a chinneadh**

Glacann an Coimisiún leis an moladh.

Tá struchtúr agus rialachas Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh ailínithe den chuid is mó le Cur Chuige Coiteann 2012 maidir le Gníomhaireachtaí Díláraithe (CADA).

Áireofar san athbhreithniú atá bunaithe ar Airteagal 210 EUTMR measúnú ar thionchar, éifeachtacht agus éifeachtúlacht na hOifige agus a cleachtais oibre. Bainfidh an Coimisiún leas as an meastóireacht chun léargais bhreise a fháil agus chun féachaint an bhféadfaí gníomhaíocht bhreise a dhéanamh i réimse na cuntasachta.

**99.** Déanfaidh an mheastóireacht atá beartaithe bunaithe ar Airteagal 210 EUTMR athbhreithniú ar an gcreat dlí le haghaidh comhair idir an Oifig agus oifigí maoine tionsclaíche na mBallstát.

## **Moladh 3 – Córais mhaoinithe, rialaithe agus meastóireachta a fheabhsú**

Tugann an Coimisiún dá aire go bhfuil an moladh seo dírithe ar EUIPO.

**100.** In athchóiriú na dtásc geografach, atá ar na bacáin, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún díriú ar roinnt gnéithe riachtanacha d'fheidhmiú chóras na dtásc geografach, amhail tásca geografacha a chosaint, agus iad a chosaint ar an idirlíon freisin; cumhacht a thabhairt do tháirgeoirí; nósanna imeachta a ailíniú agus a shimpliú chun feabhas a chur ar fhreagrúlacht fhoriomlán agus ar láimhseáil thráthúil na n-iarratas ar thásca geografacha; agus chun cur le héifeachtúlacht rialú agus fhorfheidhmiú na dtásca geografach.

## **Moladh 4 4 – Córais táisc gheografaigh an Aontais a fheabhsú**

Glacann an Coimisiún leis an moladh.

**101.** Aontaíonn an Coimisiún gur cheart creat fóna forfheidhmiúcháin AE a bheith ag an Aontas i dtaobh CMI.

Ní leis an gCoimisiún amháin ach leis na Ballstáit a bhaineann creat forfheidhmiúcháin CMI an Aontais. Ní hamháin gur cheart go mbeadh na Ballstáit in ann earraí a choinneáil i gcás earraí a



bhfuil amhras fúthu, ach ba cheart a mheas freisin dá bhféadfaí an inniúlacht a thabhairt dóibh earraí a scriosadh go díreach má mheasann siad féin go bhfuil sárú déanta.

Ní gá go mbeadh na saoráidí díothúcháin chun earraí áirithe a scriosadh ar fáil i ngach Ballstát, cé go bhforáiltear le Rialachán 608/2013 (Airteagal 25(2)) don fhéidearthacht earraí a scriosadh i mBallstáit eile.

D'fhéadfaí athmheasúnú a dhéanamh ar an tsaincheist maidir le dliteanas agus freagracht as earraí a choinneáil agus a scriosadh.

## **Moladh 5 – An creat forfheidhmithe CMI a fheabhsú**

a) Glacann an Coimisiún leis an moladh. Tá straitéis den sórt sin á hullmhú ag an gCoimisiún faoi láthair, ar cheart di a bheith mar chuid den Straitéis Nua um Bainistíocht Riosca Custaim.

b) Glacann an Coimisiún leis an moladh chun faireachán níos fearr a dhéanamh ar IPRED.

Seachas an staidéar leantach atá beartaithe i ndáil le cur i bhfeidhm na Treorach maidir le cearta maoinne intleachtúla a fhorfheidhmiú agus rannchuidiú le Bosca Uirlisí AE i gcoinne an ghóchumtha, leanann an Coimisiún de dhlúthfhaireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na Treorach maidir le cearta maoinne intleachtúla a fhorfheidhmiú chun sásamh breithiúnach éifeachtach cothrom a áirithiú tar éis fhoilsiú na meastóireachta ar fheidhmiú na Treorach maidir le cearta maoinne intleachtúla a fhorfheidhmiú in 2017. Oibríonn sé i gcomhar leis na Ballstáit agus leis na geallsealbhóirí chun faireachán níos fearr a dhéanamh ar an Treoir maidir le cearta maoinne intleachtúla a fhorfheidhmiú agus chun éifeacht a thabhairt do threoraíocht ón gCoimisiún, mar shampla d'fhonn a áirithiú – i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha uile – go gcuirfear urghairí i bhfeidhm go haonfhoirmeach agus go héifeachtúil ar fud na mBallstát.

Fiosróidh an Coimisiún agus Faireachlann EUIPO an bhféadfaí forbairt a dhéanamh le go ndéanfaí faireachán níos spriocdhírthe ar an Treoir maidir le cearta maoinne intleachtúla a fhorfheidhmiú sa mhéid a bhaineann sí le cásdlí náisiúnta, ag tógáil ar bhunachar sonraí cásdlí EUIPO *eSearch*.

Glacann an Coimisiún leis an moladh go ndéanfaí faireachán níos fearr ar fhorfheidhmiú custaim sna Ballstáit. Tá sé curtha chun feidhme i bpáirt ag an gCoimisiún cheana féin trí bhabhta cuairteanna tacaíochta maidir le cur chun feidhme Rialachán 608/2013 sna 27 mBallstát, a gcuirfear bailchríoch air in 2022. Ar bhonn na dtorthaí, féadfaidh an Coimisiún a bheartú go ndéanfar tuilleadh faireacháin ar Bhallstáit shonracha, a fhéadfar a thabhairt chun críche tar éis 2023.

c) Glacann an Coimisiún leis an moladh. Tá iarrtha cheana féin ag an gCoimisiún ar na Ballstáit a sonraí coinneála a thuairisciú i mbunachar sonraí COPIS laistigh de spriocdháta sonracha (faoi chuimsiú an ghrúpa saineolaithe custaim – an roinn CMI). Tabharfar aghaidh air sin freisin sa mheastóireacht ar Rialachán 608/2013, chun a mheas an gá an caighdeánú sin a léiriú sa reachtaíocht.